AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Beochumas na mBradán

Ní iasc amháin atá sa bhradán – siombal ar neart an dúlra agus ar cháilíocht an chomhshaoil is ea é. Braitheann beochumas leanúnach na mbradán ar dhá fhachtóir: ar dtús, go gcuireann na hiascairí srian leis an líon a mharaíonn siad ionas go mbeidh dóthain bradán ann i gcónaí go mbeidh soláthar ann don chéad ghlúin eile. An dara pointe ná nach mór ár n-aibhneacha agus ár lochanna a choinneáil saor ó thruailliú. Tá sé ina chomhartha soiléir, na bradáin a bheith ann, go bhfuil caomhantóirí ag breith an bhua sa choimhlint ar son comhshaoil shláintiúil.

Rinne muintir na Méisiliteach, na chéad áitritheoirí in Éirinn, a gcuid áitreabh in Éirinn ar bhruacha na Banna ocht míle bliain ó shin mar a raibh siad in ann na bradáin a mharú go héasca. Bhí áit lárnach ag an speiceas seo i dtionscal iascaireachta na hÉireann riamh ó shin.

Má fhágtar sárluach an bhradáin ó thaobh bia as an áireamh ar feadh soicind, tagann an tábhacht a bhaineann leis ón saolré neamhghnách a bhíonn aige. Iasc "anadromach" atá ann: ceann a shíolraíonn i bhfionnuisce ach a théann amach chun na mara chun an chuid is mó dá chuid bia a fháil agus chun fás sách mór le filleadh ar an bhfionnuisce chun síolrú. Ciallaíonn sé seo nach mór dó taisteal trí aibhneacha ina bhféadfaí é a mharú i bhfad níos éasca ná aon speiceas mór eile iasc. Fágann an tslí seo saoil go mbíonn i bhfad níos mó rioscaí roimh an mbradán ná mar a bhíonn roimh speicis eile iasc.

Saolré an Bhradáin

Téann na bradáin fhásta in éineacht le chéile ina mbeirteanna i lár an gheimhridh i srutháin bheaga mar a mbíonn an t-uisce glan agus mar a dtéann an sruth thar ghrinneall gairbhéil. Déanann an bradán baineann poll a thochailt i ngrinneall an tsrutháin agus na mílte ubh a shil-leagan ann, a dtugtar "sceith bhradán" orthu: beireann bradán baineann cúig chloch meáchain thart faoi 2,500; beireann bradán deich gcloch a dhá oiread sin. Déanann an bradán fireann na huibheacha a thoirchiú de réir mar a bheirtear iad agus clúdaíonn an bradán baineann iad le gairbhéil ansin, ag déanamh carn cloch anuas orthu. Tugtar 'clais' ar an nead seo agus tosaíonn forbairt na n-uibheacha faoin scáth sábháilte a thugann na clocha dóibh. Fágann na bradáin óga sábháilteacht an ghairbhéil go luath i mí Mhárta, thart faoi dhá mhí tar éis bhreith na n-uibheacha, agus imíonn siad leo le saol crua a chaitheamh sa sruthán oscailte.

Iasc ceantrach is ea an bradán ó thús a shaoil: gach ceann i mbun a dhíchill le paiste fabhrach a aimsiú ar ghrinneall an tsrutháin agus é ag ruaigeadh a chomrádaithe amach go mbeidh siad achar

Maighreán
Aois: 1-2 Bliain
Fad: 9 go 16cm

sábháilte ar shiúl. Fásann an bradán óg in imeacht an chéad dhá bhliain eile, ag bogadh le sruth go huiscí níos doimhne agus ag tógáil níos mó agus níos mó spás maireachtála. Tugtar "colgóg" air i mí Aibreáin, ag tús an tríú bliain ar an saol dó, agus snámhann sé le sruth lena bhealach a dhéanamh amach chun an aigéin. Is ansin a fhanfaidh sé ar feadh breis is bliain, ag ithe iasc is lú ná é agus ag fás ar ráta i bhfad níos mó ná mar a bheadh sé in ann i bhfionnuisce. Tógann sé dhá bhliain le meáchan 50 gram a bhaint amach ach méadaíonn sé go dtí 2,500 gram sa bhliain ina dhiaidh sin.

Stadann an bradán, a dtugtar "bláthán" anois air, den fhás go luath i samhradh na bliana tar éis dó imeacht leis chun an aigéin, agus tosaíonn sé ar thuras abhaile a fhágfadh ar ais sa sruthán ina

Gilidín
Aois: Ar an saol chomh fada le bliain
Fad: 3 go 9cm

Colgóg -
Aois:2 Bhliain
Fad: 15 go 17cm

Is furasta | difríocht a dhéanamh



rugadh é. Ní itheann sé aon bhia agus é ar ais sa sruthán, cé go dtabharfadh sé corráladh ar fheithid nó iasc a théann thar bráid de bharr cleachtaidh. Snámhann sé leis in aghaidh an tsrutha de réir a chéile agus téann sé ag cúpláil agus ag sceitheadh tar éis tréimhse troscaidh roinnt mí. Bíonn bradáin spíonta caite tar éis an troscaidh fhada agus an dua a bhain le sceitheadh na n-uibheacha, agus ní thiocfaidh a bhformhór slán le sceitheadh arís.

Bradáin Earraigh

Cé go gcaitheann formhór bhradán na hÉireann ceithre nó cúig mhí dhéag ar muir, ag filleadh ar an gcósta sa samhradh, fanann cion níos lú díobh ar shiúl ar feadh achair níos faide agus tagann siad ar ais am ar bith idir an Nollaig agus mí na Bealtaine. Bíonn siadsan i bhfad níos mó ná na bláthain agus tugtar "éisc earraigh" orthu. Beidh ar na bradáin is luaithe a thagann ar ais go dtí an fionnuisce a bheith ina dtroscadh ar feadh bliana iomláine sula dtagann am sceite na n-uibheacha.

Is iad na héisc seo na héisc a bhí ina bhfoinse bhia fíorthábhachtach dár sinsear, thar aon bhradáin eile. Is é an pointe ná go bhféadfaí iad a mharú i míonna luatha na bliana tráth nach rabhthas in ann teacht ar fhormhór na gcineálacha eile bia. D'fhéadfaí a rá mar sin gur de bharr na bradáin a bheith ann agus dá bharr sin amháin a bhí daoine in ann bheith ina gcónaí anseo i dtréimhse luathstaire na hÉireann.

Iascaireacht na mBradán - Dleathach agus Mhídhleathach

Chomh luath agus a thagann na bradáin gar don chósta ar a dturas abhaile ón aigéan, tagann siad faoi bhagairt iascairí. Gabhtar iad sa mhuir mhór i "sruthlíonta móra", cuirtíní fada líontáin a bhíonn ar crochadh anuas ón dromchla a dtéann na bradáin imirce i bhfostú iontu. Timpeallaíonn na hiascairí le "líonta tarraingthe" iad sna hinbhir, agus tarraingítear na líonta isteach chun an chladaigh. Táthar ag baint úsáide as gaistí bradán gar do bhéil roinnt de na haibhneacha is fearr leis na céadta bliain agus cáis dhaingnithe atá iontu seo a snámhann na bradáin isteach iontu. Ar deireadh, tá na hiascairí spóirt ann le slait agus dorú. Níl iontu seo ach na modhanna dlisteanacha. Is iomaí, iomaí bealach atá ann leis na bradáin a ghabháil le líonta nó a mharú le sleánna agus nimh, agus tá eolas maith ag go leor den lucht iascaireachta aindleathaí ar na bealaí sin.

Bagairtí ar an mBradán

Ansin ta na guaiseacha *(hazards)* arb é an duine is cúis leo agus ar féidir leo bac a chur ar na bradáin a mbeirtreacha *(spawning grounds)* a bhaint amach nó ar féidir leo na héisc óga a mharú. Bíonn dambaí a dhéantar ar mhaithe le haibhléis nó le huisce a sholáthar, sa bhealach go héifeachtach ar aistear na n-iasc agus iad ag iarraidh sruthán a mbeirtreacha a bhaint amach. Maraítear na héisc ar fad sna cáis truaillithe aibhneacha is measa, ach d'fhéadfadh truailliú ar leibhéil níos ísle fáil réidh le deis mhaireachtála na n-iasc ar fad beagnach toisc go maraítear na horgánaigh bhia nó toisc go gclúdaítear an gairbhéal mar ar chóir na huibheacha a bheith beirthe. Clúdaítear gairbhéal ghrinneal an tsrutháin le siolta de bharr móroibriúchán draenála go han-mhinic, rud a fhágann go mbíonn an ghnáthóg mí-oiriúnach do bhradáin óga.

Ar deireadh, tá an fachtóir tábhachtach ó thaobh na coimhlinte le fanacht beo a thiteann amach idir na bradáin iad féin. Ní mór íoslimistéar éigin de ghrinneal an tsrutháin a bheith ag gach bradán óg dó féin amháin má tá sé le fás go mbeidh sé ina cholgóg. Fágann sé sin go mbíonn uasteorainn le líon na gcolgóg ar féidir leo teacht in inmhe in aibhneacha na hÉireann.

As measc na bhfachtóirí seo uile, ní éireodh ach le dhá cheann díobh léirscrios iomlán a dhéanamh ar stoic ár mbradán. Is é dambálú na n-aibhneacha an chéad cheann. D'éirigh le dlíthe, lena gcinntítear go dtógtar bearnais éisc áit ar bith is gá iad, an fhadhb sin a shárú go dtí seo. Is é an truailliú an dara fadhb agus fadhb atá níos tromchúisí. Arís, tá dlíthe maithe ann chun na fadhbanna a chuimsiú ach bíonn sé i bhfad níos deacra an dlí a fhorfheidhmiú sa chás seo. Níl aon dochar buan déanta do stoic na n-iasc go dtí seo ach ní imeoidh an bhagairt choíche.



Na Bradáin a Chaomhnú

Is é an príomhfhachtóir maidir lenár n-iascaigh bhradán a chaomhnú ná na bealaí le hiascaireacht a dhéanamh, a rialú. Cuirtear srian leis an dlí ar líon na líonta is féidir úsáid a bhaint astu in uiscí ár gcósta agus tá toirmeasc glan ar úsáid a bhaint as líontán i bhfionnuisce. Ní mór na líonta a choinneáil faoi bhun buntomhas áirithe agus ní cheadaítear aon úsáid a bhaint as líontán ar chor ar bith ag an deireadh seachtaine, ní cheadaítear aon iascaireacht bhradán idir 13ú Deireadh Fómhair agus deireadh mhí na Nollag. Forfheidhmítear an 'séasúr dúnta' náisiúnta seo ionas go bhfágtar na bradáin ar a suaimhneas i gcaitheamh an tséasúir sceite ar fad. Tosaíonn an 'séasúr oscailte' i roinnt aibhneacha Lá Caille ach ní thosaíonn sé in aibhneacha eile go dtí níos faide amach sa bhliain. Dá gcuirfeadh iascairí na rialacháin i gcrích agus dá bhféadfaí truailliú agus nithe eile a chuireann isteach ar aibhneacha, a rialú, bheadh todhchaí an bhradáin cinnte. Is leor na dlíthe atá againn faoi láthair leis na stoic a chosaint. Is é an fhadhb is dó-sháraithe ar fad ná an fhadhb shíceolaíoch: ní ghlacann go leor iascairí leis an bhfíric go fóill gur dréachtadh na dlíthe lena slite beatha féin a chosaint thar aon rud eile.



Forbairt

Gabhann taobh dearfach le bainistíocht – a bhaineann le líon na mbradán a mhéadú seachas díreach na stoic nádúrtha a chothabháil. Tá sé seo bunaithe ar stáisiúin tógála bradán a oibriú ina mbeathaítear na héisc óga go saorga agus as a scaoiltear ansin iad le fás sa mhuir. Rialaíonn an Príomhbhord Iascaigh taobh forbartha seo an iascaigh.

Taighde

Tá fios na heolaíochta mar bhonn ag gach obair éifeachtach a dhéantar leis na stoic a bhainistiú. Tá go leor staidéar á ndéanamh ag eolaithe a oibríonn do Roinn na Mara ar stoic bhradán na hÉireann. Bhí córas le clibeanna miotail fíorbhídeacha a instealladh isteach sna héisc óga ar cheann de na forbairtí is tábhachtaí le blianta beaga anuas. Tugtar eolas fíorthábhachtach dúinn ar a fheabhas is a d'éirigh leis na modhanna éagsúla leis na héisc óga a thógáil agus a scaoileadh nuair a athghabhtar bradáin fhásta a bhfuil na clibeanna seo orthu. Faoi dheireadh, taispeánann an t-eolas eolaíochta conas is féidir na rialacháin atá ann cheana féin a fheabhsú ionas go mbeidh níos mó bradán ar fáil do na hiascairí.

Cad is Féidir Leatsa a Dhéanamh

Déanann baill foirne na seacht mBord Iascaigh Réigiúnacha an obair phóilíneachta maidir le hiascaigh a chosaint agus déanann Gníomhaireacht na Lochanna

amhlaidh i ndobharcheantar an Fheabhail. Fostaíonn gach Bord bainisteoir agus is eisean an duine is fearr le dul i dteagmháil leis má bhíonn tú ar an eolas faoi fhadhb amhail truailliú nó póitseáil. Tá na Réigiúin Iascaigh le feiceáil ar an léarscáil thíos agus tugtar seoltaí na mbainisteoirí taobh leis seo.

Réigiún an Oirthir, Baile na nGabhann, Bóithrín Móbhí, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.
Teil: (01) 884 2600
Láithreán Gréasáin:
http://www.fishingireland.net

Réigiún an Deiscirt, Epworth, Sráid Anglesea,
Cluain Meala, Co. Thiobraid Árainn.
Teil: (052) 800 55
Láithreán Gréasáin:
http://www.srfb.ie/

Réigiún an Iardheiscirt, 1, Ardán Neville,
Baile an Mheasaí, Maigh Chromtha,
Co. Corcaigh.
Teil: (026) 41221
Láithreán Gréasáin:
http://www.swrfb.ie

Réigiún na Sionainne, Ionad Gnó Cill Dheaglainn, Bóthar an Dugha, Luimneach.
Teil: (061) 300 238
Láithreán Gréasáin:
http://www.shannon-fishery-board.ie

Réigiún an Iarthair, Lóiste na Cora, Oileán an Iarla, Gaillimh.
Teil: (091) 563 118
Láithreán Gréasáin:
http://www.wrfb.ie

Réigiún an Iarthuaiscirt, Teach Ard na Rí,
Sráid na Mainistreach, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Teil: (096) 227 88
Láithreán Gréasáin:
http://www.northwestfisheries.ie

Réigiún an Tuaiscirt, Bóthar an Stáisiúin,
Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall.
Teil: (072) 514 35.
Láithreán Gréasáin:
http://www.nrfb.ie

Gníomhaireacht na Lochanna
Bóthar Bhicteoiria
Doire
Teil: (048) 7134 200

Feirmeoireacht le Cáis Mhara

Níor bhain cultúr bhradán na hÉireann ach leis an gcuid de shaolré na mbradán a caitheadh i bhfionnuisce agus bhí sin amhlaidh le breis is céad bliain. Chonacthas gur tugadh córas isteach sna 1970aidí lenar aistríodh colgóga go cáis sa mhuir agus gur beathaíodh na bradáin go raibh siad sách mór le dul chun margaidh. Rinneadh tionscal nach beag de chóras tógála na gcás in imeacht na 1980aidí, agus fostaíodh breis is míle oibrí.

Bhí tionchar mór ag an bhfeirmeoireacht bhradán ar phobail bheaga tuaithe trí phoist nua a sholáthar agus ar leas na mbradán fiáin freisin trí laghdú a dhéanamh ar a bhrabúsaí is a bhí an iascaireacht mhídhleathach. Bhain conspóid leis an bhfeirmeoireacht chéanna fosta toisc gur féidir breathnú ar an mbia agus ar na híoca leighis a mbaintear úsáid astu mar thruailleáin. Déantar an fheirmeoireacht bhradán a rialú go dian mar gheall ar na rioscaí seo trí chóras ceadúnúcháin. Is é an fhíric atá ann ná go mbíonn comhshaol glan sláintiúil riachtanach do bhradáin, thar na héisc ar fad.

Rachaidh aon mheath i bhfeidhm ar na feirmeanna bradán iad féin sula ndéanfar dochar dá bharr áit ar bith eile. Cinnteoidh sé seo, níos mó ná aon chóras rialachán, go bhforbróidh tionscal na feirmeoireachta le cáis leis gan aon tionchar tromchúiseach aimhleasach.

Leabhair

The Salmon le J.W. Jones. Collins.

Salmon and Trout le Derek Mills. Oliver & Boyd.

Athchló is ea é seo ar bhileog Fhoinse Acmhainní arna hullmhú ag Christopher Murphy agus arna tháirgeadh ar dtús ag an Roinn um Staidéar Comhshaoil Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Feabhra 2003